# Rudaí a eitlíonn

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Sórtáil |
| **Scileanna Forbartha** | • cnuasaigh d'ábhair randamacha a shórtáil<br>• airíonna réimse ábhar agus aon/dó/trí de chnuasaigh airíonna a fhiosrú go réidh<br>• freagra a thabhairt ar cheisteanna faoi na socruithe sórtála |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | graf de réada fíora, marla, le/gan rothaí, le/gan sciatháin, dathanna, cruthanna, rudaí beo/chan rudaí grúpa/grúpaí, níos mó ná agus níos lú ná, difear |
| **Áiseanna** | marla |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Tá an ceacht seo bunaithe ar chéimeanna na sraithe PPDAC
https://nzmaths.co.nz/category/glossary/statistical-enquiry-cycle

### 1 Gníomhaíocht 1

Coinníonn Mol Mata rudaí a eitlíonn sa bhosca bréagán. Pléann daltaí na rudaí a d'fhéadfadh a bheith sa bhosca bréagán agus déanann siad réad amháin as marla.

### 2 Gníomhaíocht 2

Cuireann an múinteoir an fhadhb seo a leanas i láthair don rang agus iarrann sé ar na daltaí critéir a shocrú leis na bréagáin a shórtáil. Thit bosca bréagán Mol Mata agus tá na rudaí uilig a eitlíonn measctha suas anois. An dtig leat cuidiú le Mol Mata na bréagáin a shórtáil ina ngrúpaí? Socraíonn na daltaí mar rang na critéir a d'fhéadfadh siad úsáid leis na bréagáin a shórtáil (le/gan rothaí, le/sciatháin, dathanna, cruthanna, rudaí beo/chan rudaí srl.).

### 3 Gníomhaíocht 3

Sórtálann daltaí na rudaí a chruthaigh siad agus déanann siad graf de réada fíora agus na réada marla in úsáid acu.

### 4 Gníomhaíocht 4

Pléann an múinteoir an graf leis na daltaí.

### 5 Gníomhaíocht 5

Socraíonn na daltaí ar an dóigh ar cheart do Mol Mata slacht a chur ar an bhosca bréagán. Scríobhann an múinteoir agus na daltaí ríomhphost chuig Mol Mata, míníonn siad an dóigh leis na bréagáin a ghrúpáil agus an fáth ar cheart dóibh iad a ghrúpáil ar dhóigh faoi leith.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an grúpa is mó?<br>• Cad é an grúpa is lú?<br>• Cá mhéad níos mó x ná y atá ann?<br>• Cá mhéad x agus y atá ann san iomlán?<br>• Cá mhéad x níos lú ná y atá ann? | • Cad é mar ba chóir do Mol Mata slacht a chur ar na bréagáin? Cad chuige?<br>• An síleann tú go bhfuil boscaí bréagán na ndaltaí eile cosúil le bosca bréagán Mol Mata?<br>• Dá rachadh Mol Mata chuig an tsiopa bréagán agus dá gceannódh sé bréagán amháin, cad é a cheannódh sé i do bharúil? Cad chuige?<br>• An bhfuil dóigheanna eile ann na bréagáin a shórtáil? Cén dóigh?<br>• An dtig leat dóigheanna eile a mholadh do Mol Mata leis na bréagáin a stóráil? Mínigh an dóigh lena dhéanamh agus an fáth.<br>• An bhfuil níos mó x nó y ann? Cad é mar atá a fhios agat? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.